

SA Ghaeltacht

UIMHIR 12: LÚNASA 1980

IRIS OIFIGIÚIL – ÚDARÁS NA GAELTACHTA

Marú
Dhún
an Óir
—lcha. 4 & 5



- I láthair ag an bPreas-Fhailtíú i mBaile Átha Cliath bhí ó chlé: Maitiú Ó Néill, Ball de Bhord an Údaráis; Alex Hobbs, Bainisteoir Infheistíochta Údarás na Gaeltachta; Aire na Gaeltachta, Máire Geoghegan-Quinn, T.D.; Mervin Silgado, Tower Engineering agus Pól Ó Foighil, Bord an Údaráis.

FOSTAÍOCHT FIR I RATH CAIRN NA MÍ

Deathoil agus comhoibriú idir na hoibrítheoirí, na Ceardchumann, Comharchumann Rath Cairn agus seirbhísí Rannóg Comhthionscail an Údaráis ba mhó ba bhun leis an bhfógra a dhein Aire na Gaeltachta, Máire Geoghegan-Quinn le déanaí faoi bhunú comhlacht innealtóireachta nua i nGaeltacht Rath Cairn na Mí.

Comhpháirtíocht idir Údarás na Gaeltachta agus an Tower Engineering Group (U.K.) é an comhlacht nua Turmec Teo. atá lonnaithe sa mhonarcha i Rath Cairn ina raibh tionscal ABM a cuireadh i nglacadóireacht i mí Aibreán na bliana seo. Ní raibh níos mó ná 9 seachtainí curtha isteach ag an nglacadóir, áfach, sar a raibh Turmec Teo. i mbun táirgíochta, 68 bhfear fostaithe aige agus deireadh leis an nglacadóireacht. Méadófar an fhostaíocht seo go dtí 90 nuair a bhéas an gnó faoi lán seol taobh istigh de 18 mhí, meastar. 'Sé Traolach Ó Nualláin, Bainisteoir Ginearálta agus Stan Sillitoe, Bainisteoir Stiúrtha an Chomhlachta. Ball de Bhord stiúrtha Turmec Teo. é an tUasal Ó Nualláin chomh maith.

Comhlacht é Tower Engineering a bhfuil trí rannóg gnótha aige, dhá cheann i Sasana agus rannóg eachtrach atá déanta trí chomhpháirtíocht le AL-FUTTAIM i nDubai agus le comhlacht BINLADEN i Jeddah. Tá na rannóga i Sasana lonnaithe i

Walsall, Tamworth agus Bristol.

Beidh an taithí agus an saineolas atá ag Tower Engineering in úsáid i

Gaeltachta. I monarcha 44,000 troigh chearnach atá ar léas ag an gcomhlacht ó Údarás na Gaeltachta atá an tionscal á reachtáil.

GIOLETTI SA GHAELTACHT



dTurmec Teo. agus beidh sé de thairbhe ag an gcomhlacht nua freisin go bhfuil margaí buan ag Tower Engineering, margaí a bheidh ar fáil do Turmec Teo. i Sasana agus sa Mheán-Oirthear.

Tá infheistíocht de os cionn £400,000 i dTurmec Teo. agus beidh 40% den chothromas ag Údarás na

- Thug an tUasal Antonio Gioletti, Stiúrthóir Ginearálta, Polasaí Réigiúnach an Chomhphobal Eorpaigh, cuairt ar Ghaeltacht Dhún na nGall agus ar Eastát Tionscail na Doirí Beaga le déanaí. Istigh i monarcha Europlast leis an Uasal Gioletti tá, ó chlé:

Dease Mackey (Stiúrthóir an R.D.O.); Máire Bean Mhic Niallais (Bord Údarás na Gaeltachta); Ruairí Ó hEidhin, Bainisteoir Riarachán Réigiúnda, Údarás na Gaeltachta; Pádraig Ó Gallachóir (Bainisteoir, Europlast Teo.); An tUasal Gioletti; An Seanadóir Pádraig Mac Gabhann, Breandán Ó Scolaí (Roinn Airgeadais); An Dr. Pádraig Delap agus Pádraig Ó Ceallaigh (Bord Údarás na Gaeltachta).


“AMÁRACH” Tá sé ag Teacht!

Foilseofar an chéad eagrán de pháipéar nuachta Gaeilge *Amárach* Dé hAoine, 5 Meán Fómhair.

In Indreabhán, Conamara, a bheas an páipéar lonnaithe. Beidh sé ar díol 'chuile Aoine sna ceantair Gaeltachta ar fad chomh maith le áiteanna eile ar fud na tíre ó Thír Chonaill go hIar Chorcaig, ó Árainn go Baile Átha Cliath agus Béal Feirste. 15p a ghearrfar ar an bpáipéar.

Cuma 'tabloid' a bheas air agus beidh sé so-léite, tarraingteach, lán de nuacht agus altanna spésiúla. Beidh sé dírithe ar mhuintir na Gaeltachta agus orthu siúd ar spéis leo An Ghaeilge agus a mbaineann léi.

Is é Pól Mac an Draoi, 23, eagarthóir an pháipéir. Iarscoláire de chuid Choláiste na Tráchtála, Ráth Maonais, é, áit a ndearna sé an cúrsa iriseoireachta. Sa bhliain 1977 ghnóthaigh sé Gradam an *Sunday World* don mhac léinn iriseoireachta ab fhearr don



Pól Mac an Draoi

bhliain sin. D'oibrigh sé do *Independent Newspapers* sa Bhruiséal agus i mBaile Átha


Cliath sular tháinig sé go Cois Fharráige.

FÓGRAÍOCHT

Beidh Ciarán Ó Feinneadha, 22, ag breathnú i ndiaidh na fógraíochta agus an díolacháin. Tógadh Ciarán le Gaeilge sa mbaile i mBaile Átha Cliath agus ba státseirbhíseach é sular thóg sé an post le *Amárach*.

TÍR CHONAILL

Is é Cathal Póirtéir, 24, comhfhreagra í iánaimseartha Thír Chonaill. Rugadh é i nDoire agus d'fhreastail sé ar an Ollscoil Nua, Cúil Raithin agus ar Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Ba eagarthóir *Rosc*, páipéar



Cathal Póirtéir

dhá-theangach Chonradh na Gaeilge, é, tráth. Foilsíodh altanna leis i *gComhar*, *Feasta*, *Cumarsáid*, *Satyr* agus *Nasc*. Chraolaigh sé ar R.T.É. go minic.

FO-EAGARTHÓIR

Beidh Máiréad Ní Nuadháin, 26, ag obair mar iriseoir/fo-eagarthóir páirt-aimseartha ar *Amárach*. Iarchéimí de chuid Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, í Máiréad agus tá sí ag obair mar eagarthóir/ealaíontóir le Cló Chois Fharráige, Indreabhán, ó 1975 i leith.

Is le Comharchumann Chois Fharráige an páipéar faoi láthair ach tá sé le hathlaineáil mar chomhlacht teoranta nua. Pleanáladh é sin i gcomhair le coiste comhairleach Bhord na Gaeilge i leith na hIriseoireachta Ghaeilge.

BRÚCHTÁIL Gearrscéal le John B. Keane, lch 7.

I dTUARASCÁIL Bhliantúil Ghaeltarra Éireann don bhliain 1977 bhí an oiread seo le léamh faoi chúrsaí fostaíochta: "... tá an Bórd buartha i dtaobh an titim i líon na bpostanna a ceadaíodh i 1977 agus feictear an laghdú mar chomhartha den choimhlint géar náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ann i scéimeanna fostaíochta. Tá cumhachtaí breise á dtabhairt do áisíneachtaí forbartha sa mbaile agus thar lear chun go gcuirfidh siad cabhair agus áiseanna níos fearr ar fáil do infheisteoirí, agus tá de thoradh ar sin an buntáiste beag a bhí ag Gaeltarra ar mhaithe le forbairt na Gaeltachta bheith laghdaithe anois. Thar na blianta tá fíor-údarás an Bhóird laghdaithe le boilsciú agus tá sé ag éirí níos deacra le caitheamh ama tionscólóirí agus infheisteoirí a mhealladh go dtí an Ghaeltacht ..."

Níos sia amach sa Tuarascáil chéanna déantar tagairt do na srianta atá le cumhachtaí reachtúla an Bhóird agus deirtear: "... ach leis an reachtaíocht nua atá dá bheartú táthar dóchasch go sárófár na srianta sin ..." (An reachtaíocht chun Údarás na Gaeltachta a thabhairt ar an saol a bhí i gceist, ar ndó).

Is ar éigin gur cuimhin le héinne anois na cláracha ar Radio na Gaeltachta agus ar Radio R.T.E. taréis gur foilsíodh an Tuarscáil sin i bhFómhar na bliana 1978. Séanadh ó na leibhéalacha ab aoirde go raibh bunús ar bith lena bhí á chur faoi bhráid ag údar na scríbhíne sin (an t-údar céanna seo) agus ní beag í an lascáil a tugadh dó de bharr na dhánaíochta agus a dhuaircis. Bhí sé le léamh ins na nuachtáin náisiúnta le gairid faoin lascáil a bhí Teachta Dála de chuid na freasúracha ag tabhairt do Údarás na Gaeltachta de bharr ná raibh an tÚdarás ag cur níos sciopa leis an bhfostaíocht agus ag tartháil na dtionscal a raibh postanna á gcailliúint iontu. Bhí an Teachta céanna ag déanamh magadh den Údarás bheith ag lorg cumhachtaí breise agus gan é bheith in ann na cumhachtaí a bhí aige cheana a úsáid go tairbheach. Caint agus cúiseamh mí-fhreagrach agus gan bhrí!

MÍORÚILTÍ

Tá fírinne an mhéid a bhí scríobhtha sa Tuarascáil Bhliantúil do 1977 cruthaithe ag an gcás atá ann inniu ainneoin a shéanta ó na háirda ag am a fhoilsithe. Níl

ciall ná réasún leo siúd atá ag caitheamh anuas ar Údarás na Gaeltachta de bharr nach féidir míorúiltí a bhaint amach chun fostaíocht sa Ghaeltacht a chaomhnú agus a mhéadú. Níl an tÚdarás ann ach le 9 mí agus céard is féidir a dhéanamh san achar sin ama níos mó ná an tasc a mheas agus a thomhas agus an bheartaíocht a phleanáil? Sa bheartaíocht sin d'éirigh ceist na gcumhachtaí breise ar gá leo chun tabhairt go réadúil faoi fíorforbairt na Gaeltachta a bhaint amach, ach má éirigh, siúd amach iad lena bhfuipeanna lucht na lascála, na hiománaithe ar an gcláir, agus iad ag screadaíl leis an Údarás an Ghaeltacht a fhorbairt agus a shlánú, fostaíocht a chruthú agus a chaomhnú agus na cumhachtaí chuige sin a lorg ar ball.

Fágaimís an focal scóir ag ball tofa den Údarás agus é ag scríobh i *Scéala Éireann* ar 8 Lúnasa: "... sea, Údarás feannta atá ann faoi láthair — is iad na cumhachtaí is a n-uireasa croí na bhfadhb ... " "... idir an dá linn cuirimís uainn an fhaistim. Tugtar údarás don Údarás nó caithimís é féin, Gaeltacht agus a leanann iad i dtraipsí ... "

Níor thárla a leithéid ó na Triochaidí

B'í an "Sea Crown" an long ba mhó a tháinig isteach go Cuan an Daingean riamh chun lasta éisc a easpórtáil. Ins na tríochaidí bhíodh ronnach á easpórtáil go dtí na Stáit Aontaithe ón Daingean (tré chalafort Learphoil).

Long 200 troigh ar fhaid le reoiteoir í an "Sea Crown" agus nuair a d'fhág sí Cuan an Daingean bhí 75 tonna sprot reoite ar bhord agus í ar a bealach go dtí an Norbhuaidh. Muintir Uí Chatháin ar Ché an Daingean ba chúis leis an


éacht seo. Tá Mícheál Ó Catháin agus a mhac Eoin ar na ceannaitheoirí éisc is mó sa tír.

Bhí ionadh ar mhuintir an Daingean long chomh mór sin a fheiceáil ceangailte leis an gcéibh nuair gur minic a bhíonn na báid iascaigh taobh amuigh den chuan ag fanacht le dóthain taoide chun dul le céibh. Doimhneacht 14' ar ghá don "Sea Crown" agus is é Máirtín Ó Flannúra, iascaire ón Daingean, a phíolót an long isteach agus amach.



Mícheál Ó Catháin agus Máirtín Ó Flannúra a stiúraigh an long isteach sa chuan.

IMLINE



Tá ardú céime bainte amach aige i C.M.E. Teo.

I YORKSHIRE Shasana a rugadh Pádraig Ó Ceallaigh 25 bhliana ó shin, áit ar fhan sé gur fhíll a chlann ar an gCeathrú Rua i 1976. Gaeilgeoir ó dhúchas é, mar gurb í an Ghaeilge teanga teallaigh a thuismitheoirí, Pádraig agus Bríd, bíodh agus gur i Huddersfield a bhí a mbaile acu.

Tá Pádraig ag obair i dtionscal innealtóireacht C.M.E. Teo. ó thosaigh an comhlacht sin ag tairgiú i gCnoc, Indreabhán. Speisialtóir cáilithe i gcúrsaí miotalóireachta é agus a chuid teastas leis ón "City and Guilds" i London agus ón "Percival Whitney College" i Halifax. I dtosach na bliana seo fuair sé ardú céime mar shaoiste táirgíochta i C.M.E. Teo., ardú a bhí tuillte go maith aige do réir Mícheál Mac Oireachtaigh, Bainisteoir Stiúrtha an chomhlachta.

Dearthóireacht agus déantúsaíocht mionsamhail long is mó atá mar chaitheamh aimsire ag Pádraig. Le linn dó i Yorkshire bhí aitheantas aige mar dhuine den deichniúr ab fhearr i Sasana i ndéantúsaíocht agus rásaíocht mionsamhail long. Is é is mó a chuireann as dó ná a bhocht agus atá na háiseanna don óige in áiteacha ar nós an Cheathrú Rua.

Tá moladh aige don chóras bun-oideachais agus don oideachas acadúil ach feiceann sé easpa mór san oideachas teicneolaíochta.

Tá Pádraig morálach as atá bainte amach sa Ghaeltacht ag C.M.E. Teo. agus deir sé gurb é an feabhas bainistíochta agus an bhéim a leagtar ar ard-chaighdeán tairgíochta is cúis leis an dea-iomhá atá ag an gcomhlacht in Éirinn agus thar lear.

MION SCÉALTA

COMHGHÁIRDEAS

Comhgháirdeas le Mairéad agus Matt Ó Móráin ar bhreith iníne, Róisín. Bainisteoir Eolais agus Pleanála leis an Údarás é Matt.

Comhgháirdeas le Máire de Paor as an Rannóg Airgeadais atá ceapaithe mar Chuntóir Riarachán sa Rannóg Phearsanra.

POSTANNA NUA

Tá Beartla Ó Finneadha agus Seosamh Ó Cualáin ceapaithe mar Fheidhmeannaigh Seirbhíse Cur-i-bhFeidhm. Bhí Seosamh ag obair le Beirtreach Teo. i gCárna roimhe seo agus Feidhmeannach sa Rannóg Traenála ab eadh Beartla Ó Finneadha.

IAR-CHÚRAM

Tréaslaimid le Mícheál Ó Corrduibh atá ceapaithe mar Fheidhmeannach Iar-Chúram. Le roinnt blianta anuas bhí Mícheál ag feidhmiú mar Oifigeach Forbartha do Ghaeltachtaí na Gaillimhe agus Maigh Eo.


COMHBHRÓN

Ba mhaith linn comhbhrón a dhéanamh le Labhrán Ó Móráin, Feidhmeannach le Rannóg Tógála an Údarais i gCúige Mumhan, de bharr bás a mháthar.

TAISPEÁNTAS


Tá taispeántas ar beatha na háite ón 3ú Milliún B.C. go dtí an lá atá inniu ann ar an gcéad forbairt atá déanta ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne (fo-chomhlacht le Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne). Tá an taispeántas ar siúl in Eaglais Naomh Shéamais, an Daingean.

Tá áiseanna
agus saoráidí
saoire den scoth
ag Óstán na
Ceathrún Rua
anois.



Cuairteoirí óga ag baint trial as "an roth".

Páistí ag súgradh sa Linn Snámha téite nua taobh thiar den Óstán.




Bainisteoir Óstán na Ceathrún Rua, Pól Ó Riordáin

"De bharr na hinfheistíochta breise seo atá déanta ag an Údarás, tá áiseanna againn anois atá ar aon dul le Óstán ar bith eile dá leithéid sa tír" a dúirt Pól Ó Riordáin, Bainisteoir Óstán na Ceathrún Rua ag caint dó faoi an cúirt leadóige, an Linn Snámha, an clós súgartha do na páistí agus na háiseanna spóirt faoi dhíon atá ar fáil san Óstán.

"Anuas ar sin", a dúirt sé, "beidh 10 íostáin saoire nua réidh againn roimh dheireadh na bliana. Tá na híostáin bhreátha seo beagnach réidh anois agus iad suite lámh leis an Óstán féin".

Camera: Jimmy Walshe



An clós súgartha agus an cúirt leadóige nua.



Helen Bean Uí Riordáin, Óstán na Ceathrún Rua ag imirt pool le cuairteoir.

TODHCHAÍ ACLA

le Máirtín Davy

Oileán Acaill — oileán álainn — fiú amháin le áilleacht Mhaigh Eo a fhágáil taobh thiar díot agus thú ar do bhealach go hAcaill. Níl tada feicthe agat fós. Ar do bhealach isteach dhuit tá ardáin an Atlantaigh ar thaobh na láimhe clé agus gleanntáin álainn sléibhe amach ar t-aghaidh. Teachíní bána chuile áit agus iad clúdaithe leis an aol gheal. Mionnán agus caora ag léimneach sa bhfraoch agus corr bhó ag trial ar an mbaile le cuntráil na hoíche. Sin a chonaic mise agus mé ar mo bhealach go tóin thiar an oileáin. Chonaic mé go leor daoine ar ndóigh, ach mo léan, ba strainséaraí a bhí sa chuid is mó acu.

IMIRCE

Níor thuigeas i gceart é go ndeacha mé chun cainte le muintir na háite agus sin é nuair a dúradh liom go raibh suas le leath an oileáin imithe ar imirce, cuid acu go Sasana agus cuid acu go Albain agus beagán beag acu anseo is ansiúd ar fud na tíre. Tá sé déanta amach ag Comhairle Chontae Mhaigh Eo go bhfuil laghdú 50% tagaithe ar an daonra ar Oileán Acaill le seasca bliain anuas rud a fhágann an tOileán anois ar bheagán oibre sa bhaile. Tá sé déanta amach chomh maith muna ndéanfar rud éigin go sciopa nach mbeidh fágtha ar an

Oileán i gceann sé bliana ach dhá mhíle go leith duine. Tá sé ráite ag Comhairle Chontae Mhaigh Eo freisin gur gearr go mbeidh chúig chéad ceathracha post le fáil in Acaill.

Beidh dhá chéad naocha cúig acu seo i dtionscail éagsúla agus dhá chéad eile i seirbhísigh, agus beidh an chuid eile in iascach agus i dtalmhaíocht.

TIONSCAIL

Is tionscail mhíotalóireachta agus innealtóireachta éadtrom atá déanta amach a bheadh feiliúnach do thimpeallacht an Oileáin. Ar ndóigh, is beag is féidir a

dhéanamh leis an talamh in Acaill mar níl ach céad fiche acra as an trócha seacht míle acra gur féidir beithigh a bheathú air, ach mar sin féin tá Comharchumann bunaithe in Acaill agus is scéim beathú uan atá ar bun acu. Dúirt Bainisteoir Ginearálta an Chomharchumainn, Gus Egan, liom go raibh muinín aige-sa sa Chomharchumann le forbairt eacnamaíochta agus sóisialta an Oileáin a chur chun cinn.

Tá na céadta scairshealbhóirí ag an gComharchumann faoi láthair.




GAEILGE

Ach an cheist mhór anois an mbeidh siadsan in ann leas a bhaint as an scar sin. Ó thaobh na Gaeilge de is deacair a rá, nó is deacair a

dhéanamh amach cén teanga a bhéas á labhairt in Acaill i gceann deich mbliana. Tá sé dó nó trí de bhlianta ó shin ó dúradh go raibh laghdú 50% ar dhaonra Acla. Braitheann sé go hiomlán anois ar an mblas a fhaigheann muintir na háite ar a mbaile féin nó an blas a fhaigheann an strainséara air.


Oidhreacht Chorca Dhuibhne

Comóradh Mharú Dhún an Óir (1580 – 1980)



I láthair, i nDún an Óir, bhí, ó chlé:

Máire Nic Suibhne, Tadhg Ó Criodáin (Oifigeach Forbartha, Oidhreacht Chorca Dhuibhne), Máire Geoghegan-Quinn, Aire na Gaeltachta agus Aodhán Ó Muircheartaigh, (Radio na Gaeltachta).



Na Gaeil agus na Spáinnigh ag impí ar na Sasanaigh iad a spáráil ach níl Sir Walter Raleigh (T.P. Ó Conchúir) nó Lord Grey (Seán Mac Gearailt) sásta agus daoradh chun báis iad. Mar a bhí breacaithe síos ag Grey féin "I sent straight certain gentlemen in, to see their weapons and armours laid down, and to guard the munition and victual, there left, from spoil. Then put I certain bands who straight fell to execution. There were 600 slain". Fiú amháin na mná a bhí sa Dún ní deachadar slán agus caitheadh na coirp go léir isteach sa bhfarraige.



Ag caint leis an Taoiseach Cathal Ó hEochaidh agus a bhean tá Cathal Mac Gabhann, Príomh Fheidhmeannach Údarás na Gaeltachta agus Seán Piondar, Bainisteoir, Óstán Dún an Óir.



Liam Granville (Coiste Cuimhneachais hEochaidh agus Clíodhna Cussen) bhí nochtaithe ag an Taoiseach. C

Bhí an príomh-chomóradh ar Mharú Dhún an Óir ar 20 Iúil, nuair do nocht an Taoiseach, Cathal Ó hEochaidh Leacht Cuimhneacháin ar an láthair i nDún an Óir féin. An dealbhóir Clíodhna Cussen a ghearr an Leacht álainn. Níos luaithe an lá céanna nocht an Taoiseach plaic ar láthair shean-chaladh an Daingin, mar a meastar a tháinig cuid d'fheachtas Séamus Mac Muiris Mac Gearailt i dtír sular chuireadar chun farraige arís go Dún an Óir. Máire Nic Shuibhne ó Thrá Lí a dhearaigh an phlaic seo.

GLÓIR-RÉIM

An tráthnóna céanna léiríodh glóir-réim speisialta faoin aer i gcóngar an Dúin. Barry Cassin ó Amharclann na Mainistreach i mBaile

Átha Cliath a dhein an léiriú agus bhí na haisteoirí uilig ó Chorca Dhuibhne. Siobhán Ní Shuilleabháin a scríobh an script agus bhí an tAthair Tomás Ó hÍcí ag

ibhne

*“Chun dul
i gcabhair
ar Ghaeil
a tháingadar”*



*(An Óir), An Taoiseach, Cathal Ó
hAathnú ar an leacht cuimhneacháin a
Cussen féin a ghearr an leacht.*

cabhrú leis an tUasal Cassin. Deineadh cúpla léiriú eile den ghlóir-réim suimiúil seo i rith Mí Lúnasa.

1580 – 1980

Tá Dún an Óir suite ar leithinis bheag a shíneann amach i gCuan Árd na Caithne i gCorca Dhuibhne agus i bhFómhar na bliana 1580 tháinig feachtas beag i dtír ann chun dul i gcabhair ar na Gaeil. Ní raibh sa bhfeachtas seo ar fad ach idir 600 go dtí 800 fear ar

Spáinnigh agus Iodáiligh a bhformhór. Is cosúil gur cheangail roinnt Gaeil leo tar éis dóibh cur fúthu sa Dún. Ar an mbuíon beag seo bhí Sir Walter Raleigh, Sir Edward Denny agus an file Spenser. Bhí an tAimiréal Winter agus a chabhlach tar éis Cuan Árd na Caithne a bhaint amach tamall beag roimh-ré. D'ionsaíodar uilig an Dún agus nuair a ghéill lucht an Dúin cuireadh gach mac máthair acu chun báis.


CAMERA:
AODÁN Ó CONCHÚIR

Ó Baile Munna go Dún Chaoin!




Páistí Scoile ó Scoil Móibhí, Baile Munna, Baile Átha Cliath, agus Múinteoir, Máire Ní Bhroin, Cois Trá i nDún Chaoin. Tá na Blascaodaí le feiceáil sa chúlra. I mí Bealtaine gach bliain freastalaíonn rang a ceathair agus rang a cúig as Scoil Móibhí ar scoil i gCorca Dhuibhne.

Féile Drámaíochta Chorca Dhuibhne



Foighne!

*Seán Ó Cathaláin a ghlac páirt sa dhrama
“Foighne” a léirigh aisteoirí Chlochán Bhréanainn i
bhFéile Drámaíochta Chorca Dhuibhne i Halla
Phobail na Feothanaí le déanaí.*



Ar an taobh amuigh!

*Nóra Ní Chatháin (Áine) agus Máire Ní Mhaoileoin
(Caitlín) beirt aisteoirí a bhí páirteach sa dhrama
“Ar an dtaobh amuigh” a léirigh aisteoirí “Na
Drones” as Conamara i bhFéile Drámaíochta
Chorca Dhuibhne.*

Mícheál Ó Duláine O.S. as Dún Chaoin, Co. Chiarraí, a ghnóthaigh an chéad duais i gcomórtas na ngearrscéalta le linn Seachtain na Scríbhneoirí i Lios

Tuathail le déanaí. Tá muid fíor bhuíoch do Mícheál de bharr gur thug sé cead dúinn a ghearrscéal a fhoilsiú i "Sa Ghaeltacht".

AN SEAN - FHOCAL – Mícheál Ó Duláine

Nuair a bhí gach aon ubh glanta chomh glé-gheal le sneachta aon oíche ag Neainí d'fhill sí agus chas sí i mblíúrocha den bpáipéar áitiúil gach aon cheann acu, agus shocraigh go néata istigh sa nead féir a bhí córaithe sa bhosca aici. Aon seans in ao'chor go mbrisdís anois ar an dtrí mhíle bóthair chomh fada leis an gCluain Cam an tsráid-bhaile ba chomhghairí di. Shocraigh sí go h-aiclé an bosca ar carrier an rothair agus cheangail go dlúth le cóirdín é. Ceithre dhosaen d'uibhe geala ós na Bleacanna, na cearca cíor-dhubha a bhí ag Neainí. Bhí Neainí chomh ceanúil ar na mBleacanna céanna, agus go deimhin ní gan chúis é mar go rabhadar ina

gcearca chomh h-aoibhinn agus chomh h-álainn is a bhí ar an mbaile, nó sa pharóiste féinig, agus fiú cearca an mháistir a chur san áireamh, iad ar fad ciar-dhubh agus círín chomh dearg le fuil ag rince ar gach aon cheann acu. Dá mbraithfeá i gceart orthu, chíféa nach dubh in aon chur a bhí orthu, ach go raibh dathanna go léir an bhogaisín báistí iontu ag iomrascáil is ag rince istigh in a cuid clúmh, gorm, glas, buí agus fiú an dearg, mar a dúirt an file fadó, nárbh eol duit cén dath a ghéill. Thugadh Neainí an-aire ar fad dóibh — bothán breá tirim compórdach dóibh, leaba do ghaineamh na trá fúthu, uisce glan úr gach mhaidín, togha na coirce nuair a bhí sé aici, agus

fiú amháin béile seaimpíní nuair a bhíodar le spáráil aici. Bhí aithne aici ar gach aon cheann den fiche, mar a bheadh ag máthair ar leanbh, ainm aici ar gach cheann, agus ar shlí, páistí di ab ea iad, mar cé go raibh sí pósta le Jaic le breis is cúig bliain déag ar fhichid n'orbh toil Dé é aon chlann a bhronnadh orthu.

AN BÓTHAR

Is an méid sin déanta aici chuaigh sí i mbun a pearsain féin, í féin a ullmhú don mbóthar. Ní mór an mhoill a chuir an méid sin uirthi agus in aon chúig neomaití amháin bhí sí amuigh arís, an doras tarraingte 'na diaidh aici is an eochair curtha i bpoll i nead an

dreoilín sa tor aitinn. Dhein sí sciúrd chomh fada leis an gclaf, féachaint an raibh na gamhna ceart go leor. Bhíodar ar a suaimhneas ag baint barr fhéir ghlaís an Aibreáin. Thug sí buicéad uisce dóibh. Sea, bhí go maith, agus na cearca go léir leis ag féachaint níos fearr ná a chéile ag scríobadh timpeall an lantáin a bhí os comhair an dorais. Bhog sí chun siúil.

Thíos ag an ngeata adhmaid d'fhéach sí suas arís ar an sean-thig. Aol na Cásca fós go geal air is an ceann lín mar caipín ón tsíon. Agus na cearca, ba dheas a fhéachadar i gcoinne na binne. Níorbh aon iontas in aon chor an duine sin ó Nua Eabharc a tharraing pictiúr den radharc agus a thug abhail é le taispeáint don sean-mhuintir.

Cúpla hap ansan agus bhí sí sa tsíúil, suite in airde ar an rothar árd agus a h-ghaidh le fánaidh aici i dtreo an Chlúana. Bhí cóir gaoithe aici agus ní fada in ao chor go raibh Scoil an Ghleanna agus crónán na bpáistí ag gabhailt dos na taiblí 'na diaidh aici. Bhí an tír ag dúiseacht agus an cuma air go raibh an Samhraidh ag cuimhneamh ar filleadh sa deireadh agus nach fada go mbeadh scairt na cuaich le clos sa tuar. I gcuid éigin des na goirt bhí obair an Earraig fé lán tseol, capaill agus brácaí acu, síol a scaipeadh agus na scioltáin a gcur. Chaitfidís féin leis, an coirce a chur fós, cé go raibh na prátaí curtha le coicís.

Is ar an gcoirce a bhí sí fós ag smaoineamh nuair a bhain sí an baile amach tuairim is leath uair an chloig tréis di a tig féin a fhágaint. Baile beag gan aon ró-chuma air ab ea an Cluain. Dia thig thabhairne, saipéal, scoil agus cúig nó sé chinn de

thithe. B'shin an Cluain dhuit. Ach d'fhéadfá fós do gnó a dhéanamh go cruinn ann. An dhá thig thabhairne d'fhéadfá punt tairní scillinge a cheannach iontu, nó ceann muice, nó bosca tae, agus mar chlabhsúr ar do chúram bhíodh "Cad a bheidh agat?" le clos go minic ann.

AN ROTHAR

Bhí an tsráid ciúin, gan ann ach cúpla motor, fear an phoist ag filleadh, madra ina chnap codlata i lár na sráide. D'fhág Neainí a rothar ag binn an tí-thabhairne, bhain an cóirdín den mbosca agus isteach sa tig léi. Is ann a dhíolfadh sí na h-uibhe i gcónaí, agus is ann leis a cheannaíodh sí pé ní a bhí uaithe. Fuair sí airgead na n-ubh, agus airgead eile a bhí ag dul di leis ó uibhe a bhí curtha isteach roimhe seo aici. "Agus a Shéamus," ar seise, "tabhair dom anois leath-chéad clarinda dos na Bleacanna. Tá an coirce ar fad caite is na créatúirí ag fáil bháis den ocras. Sochraigh thiar ar charrier an bhicycle é, agus ceangail go maith é. Ní fada an mhoill orm an tig a bhaint amach, fiú má bhíonn orm an cnoc a shíúil."

Deineadh.

Ní mór eile a bhí uaithe, cúpla giúrléad beag. Bhí sí díreach chun bualadh amach an doras — "Beidh deoch agat, a chailín — braoinín sherry?" Chonaic Neainí go raibh cloth chuici — bhí sí idir dhá chomhairle. Aimsir na Nollag nó aimsir shochraide, ceart go leor, ach anso i lár na seachtaine agus é ina árd tráthnóna, b'shin scéal eile. Mar sin féin nach ndéanfadh braoinín beag maith di, misneach a thabhairt di don gcnoc mór agus sásamh agus cúiteamh beag éigin a thabhairt

di as a cuid trioblóidí i saothar na gcearc.

LEITHSCÉAL EILE

Ní ghá dom dul isteach ró-dhoimin sa scéal. Tá's ag an saol nach mar a chéile dul to tig an rí agus teacht as. Dhein an braon craoraic an-mhaitheas di. Thug an chioth báistí leithscéal eile chun mine di, agus nuair a bhuaill Pheats Sheáin, fear an phoist agus comharsa di isteach deineadh tráthnóna dá saol dó. Mholadar a chéile is a muintir le seacht nglún rompu go crannaibh na gréine. Dheineadar caint is cruca argóint, áiteamh is aighneas ar cúrsaí an bhaile, agus ar cúrsaí coirce, go dtí gur bhuaill sé isteach sa cheann aici go raibh sé in am di a bheith ag bogadh.

Tamall tréis do clogan tsáipéil a sé a bhualadh chuaigh Sairsint na nGardaí amach as an mbeaic — chun sciúrd a thabhairt timpeall an bhaile chun a thaispeáint go raibh sé fós ann, agus nár chás d'éinne dos na saoránaigh aon imní a bheith orthu. B'aít leis an méid crothóga dubha a bhí bailithe ar an tsráid agus an-cheabal ar siúil acu. Ansin a chonaic sé an bhean mheán-aosta, a gruaig in aimréidh, mála mine taobh léi i lár na sráide agus an mhín á leathadh ar fuaid a' bhaile aici — í á chaitheamh le goath mar a bheadh feirmeoir ag leathadh síolta. Bhí an tsráid ar fad breac leis an min, í féin ag gáire is ag béicigh is gach aon "Hir-up" aici.

"In ainm Dé, a bhean mhaith cad tá ort, nó cad tá á dhéanamh agat?"

"Dheara, nach maith a thuigeann tú, a Shairsint a stóir. An té a chuireann san Earrach ní bhaineann sé sa bhFómhar."

Comhghairdeas Mícheál!



Mícheál Ó Duláine ag glacadh duais £100 ó Uachtarán na hÉireann, An Dr. Pádraig Ó hRíghile. Ar chlé tá an Dr. Brian Mac Mathúna.

SCOLÁIREACHTAÍ EALAÍNE AGUS DEARTHÓIREACHTA



Tá 5 Scoláireacht Ealaíne agus Dearthóireachta á dtairiscint ag Údarás na Gaeltachta i mbliana chun cabhrú le iarrthóirí Gaeltachta a bhfuil cumas maith ealaíne/dearthóireachta acu freastal ar chúrsa foirmeálta.

Tá cúrsaí in ábhair éagsúla (an nós clódóireacht, dealbhóireacht, créadóireacht, péintéireacht, teicstíl, seodóireacht agus srl.) ar fáil tríd na Coláistí Réigiúnacha, An Coláiste Ealaíne agus srl.

Sí aidhm na cabhrach seo go mbeadh an t-iarrthóir a ghlacfaí faoin Scéim sásta agus ábalta gnó ceardaíochta dá chuid féin a bhunú sa Ghaeltacht, amach anseo.

Is fiú an scoláireacht £600 in aghaidh gach bliain den chúrsa. Glacfar le iarratais ó lucht fágáil scoile agus cuirfear fáilte a leith roimh iarratias ó dhaoine a bhí ag obair cheana féin.

Ba chóir don duine a bheadh ag iarraidh scoláireacht a bhaint amach teagmháil a dhéanamh leis an gColáiste is feiliúnaí dó/di. (Tá eolas faoi na cúrsaí feiliúnacha atá ar fáil sna Coláistí Réigiúnacha le fáil i "N.C.E.A. — Directory of Recognised Courses" atá le fáil ó Chomhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí Oideachais, 26 Cearnóg Mountjoy, Baile Átha Cliath 1. Teileafón (01) 741526/7/8. Tá eolas faoi na cúrsaí a chuireann an Coláiste Ealaíne ar fáil le fáil ón gColáiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2). Má bhíonn an Coláiste sásta glacadh le iarrthóir ba chóir dó/di socrú a dhéanamh le Rannóg Phearsanra, Údarás na Gaeltachta le haghaidh gallaimh.

An Rannóg Pearsanra,
Údarás na Gaeltachta,
Na Forbacha,
Gaillimh.

Bhí rith breá cainte ag "Davy"!



An príomh-bhuaiteoir agus na moltóirí ó chlé:

Pádraig Breathnach, Máirtín Davy Ó Coistealbha, Seosamh Mac Guidhir, An tAthair Mícheál Ó Dochartaigh (Coiste Seachtain na Scríbhneoirí) agus Mícheál Ó hAirtnéada.

AN BÉAL BEO I LIOS TUATHAIL

"Beatha teanga í a labhairt" a dúirt an Dr. Brian Mac Mathúna nuair a d'oscail sé comórtas "An Béal Beo" i dTeach Seamsa na Fionn Uaige in aice le Lios Tuathail. Reachtaíleadh an comórtas mar chuid de Chlár "Seachtain na Scríbhneoirí" agus bhí sé faoi phatrúntacht Údarás na Gaeltachta.

Seisear a bhí in iomaíocht sa chomórtas seo i líofacht labhairt na Gaeilge agus tar éis an ábhar a tharraingt as hata bhí ar an iomaítoir uathchaint a dhéanamh ar feadh cúig nóiméad ar an ábhar a phioc sé amach.

Bhain Dónal Ó Liatháin as Cúil Aodha an dara duais amach nuair do labhair sé faoi "Scamail" ach b'é an cainteoir deireanach, Máirtín Davy Ó

Coistealbha as Indreabhán a thóg an mór-duais agus bonn óir an Údarais leis nuair do choiméad sé greim ar an lucht éisteachta ar feadh chúig nóiméad le "Píobairí an dhá phoirt". Ar na daoine eile a bhí páirteach sa chomórtas bhí Pádraig Ó Súilleabháin as an Rath Mhór, Co. Chiarraí leis an ábhar "Gloinní", Ina Bean de Laighléis, as Magh Ealla ("Monsigneoirí"), Pádraig Ó

Cearbhaill, Lios Tuathail ("Lá sa Phortach le Peg Sayers agus an Ayatollah Khomeini!") agus Seán Ó Duinnín as Cúil Aodha ("Liúntas Leanaí").

Ar na moltóirí bhí Seosamh Mac Guidhir, Bainisteoir Cumarsáide agus Caidreamh Poiblí, Údarás na Gaeltachta, Pádraig Breathnach agus an file Mícheál Ó hAirtnéada.

Cúinne na nÓg



Tarraing Léarscáil dúinn!



Anois a chárde óga tugann muid cuireadh dh'bh triail a bhaint as comórtas suimiúil eile san eagrán seo. Iarraimid oraibh Léarscáil na hÉireann a tharraingt agus na ceantracha Ghaeltachta uilig a dhathú ar an léarscáil sin. Déan liosta (chomh maith leis an léarscáil) de na contaetha ina bhfuil na Gaeltachtaí éagsúla suite.

Arís tabharfar duaiseanna £20, £10, £5 agus £3 do na buaiteoirí.

Slán beo is go n-éirigh libh!

Comhghárdeas le Caitlín Ní Chualáin, Eimear Ní Chonaola, Mícheál Ó Donncha agus Caoimhín Ó Conghaile a ghnóthaigh na duaiseanna i gComórtas na sean-fhocal:—

Caitlín Ní Chualáin as an Teach Mór Thiar, Indreabhán, Co. na Gaillimhe a ghnóthaigh an mór-dhuais £20.

Eimear Ní Chonaola, Sídhéan, An Spidéal, Co. na Gaillimhe —£10.

Mícheál S. Ó Donncha, Oifig an Phoist, Inis Oirr, Oileán Árann —£5.

Caoimhín Ó Conghaile, Aill-Lín, An Cnoc, Indreabhán —£3.

An tEagarthóir, "Sa Ghaeltacht",

Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, GAILLIMH.



RÍOMHAIREACHT I gCÁRNA

MÁIRE NÍ MHÓRÁIN ó Phobal Scoil Chárna agus Roibeárd Ó hÉilí, Príomh-Oide na scoile i mbun oibre ar an ríomhaire nua a insealbháidh sa scoil le déanaí.

Bhuaigh an scoil an ríomhaire de thoradh tionscnaimh a rinne na scoláirí, ar thábhacht na ríomhaireachta i gCúrsaí Oideachais.

Gaeltarra Éireann (Údarás na Gaeltachta anois) a d'eagraigh an tionscnamh i gcomhar leis an gComórtas Forbartha Pobal agus bhí deis ag scoileanna dara-leibhéal i gceantar Chonamara agus na nOileán bheith páirteach ann.

Tá Peigín nua roghnaithe ins na hOileáin!



MÁIRE NÍ MHAOILDHIA ag glacadh craobhaigh de bhláthanna nuabhainte ó Moira Breathnach a bhí ar an mBord Moltóireachta a roghnaigh Máire mar "Peigín Leitir Móir 1980" le déanaí. As Inis Treabhair, Co. na Gaillimhe, Máire agus tá sí fostaithe mar Fháilteoir in Óstán an Cheathrú Rua.



Déanamid comhbhrón le baintreach agus le gaolta an Ceann Comhairle, Seosamh Ó Braonáin, T.D. a fuair bás le déanaí. Léirigh Seosamh an-suim i bhforbairt na Gaeltachta ina dháil-cheantar i gcónaí, agus sa phictiúr thuas feictear é ag ócáid oscailte oifigiúil Snáth Gaeltarra i gCill Chártha i 1979.


Ar dheis Dé go raibh a anam.

MAITH THÚ A MHÍCHÍL!

LÚTHCHLEASÁI ligthe lúfar é Mícheál Ó Domhnaill, mac le Danny Ó Domhnaill, Bainisteoir suíomh an Údaráis i nDún na nGall. Buachaill sé bliana déag é go bhfuil clú agus cáil bainte amach aige i gcomórtais "an léim ard". Ball de chumann Lúthchleas

Anagaire é ó bunaíodh an Cumann sin i 1977. I mbliana bhuaidh sé craobh an Chontae ins an léim ard do bhuaicillí faoi 18 agus ina theannta san bhuaidh sé comórtas "an léim ard" i Sraith Chondae Dhún na nGall.

I gComórtas Náisiúnta na meánscoileanna i mBelfield, Baile Átha Cliath, léim Mícheál 1.85 méadar (nó 6.03 tr.) agus beidh deis aige an iarracht seo a shárú ar an 24 Lúnasa, nuair a bheidh sé ag glacadh páirt ins na cluichí ceannais den Omega League.



"Nuair a ligean an goile uaidh an glór gásach seo, an ag moladh a bhíonn sé nó ag cáineadh?"



FEAR is ea mise ná cloisfir go deo ag brúchtáil, mara bhfuil gá leis. Má chloiseann tú a leithéid uaim, bí cinnte gurab é atá ann, ná mo bholg á chur in iúl, ina ghlór nádúrtha féin, gur scaoileas siar greim mí-oiriúnach bídh éigin, a chuir stró ar chóras leioceallach mo ghoile.

Éistim go cúramach, áfach, le béasa mo chórsan ins na cúrsaí seo, agus le himtheacht aimsire tá sé ar mo chumas a aithint cé aca an glóracha nea-choitianta iad, nó an gnáth-bhrúchtadh a chloistear gach lá. Inseann gach pictiúr a scéal féin a deirtear. Mar an gcéanna, tuigim anois an brúchtadh áthais a bhíonn ann, mar shampla, nó a mhalairt.

Cúpla lá ó shin, bhí orm turas a thabhairt ar mo dochtúir. Bhí pianta am' mharú, laistiar do mo mhúineál agus siar isteach i mo ghualine. Crampaí scríbhneoireachta, is dócha. Leag an dochtúir amach cumasc leighis dom, agus geátsaí áirithe a bhogfadh mo phianta amach. Agus táim ag fanacht fós le faoiseamh mar thoradh ar a dhóirle. Faid a bhí mé ag fanacht ina sheomra feithimh,

thugas fé ndeara go raibh fear ann a bhí an-neirbhíseach agus corráthónach. Fear mór ab ea é go raibh toirt ina chabhaill agus lasadh ina aghaidh. Bhí pian agus fulaing le feiscint ina shúile. Agus bhí bláth dí mheisciúil go láidir san aer. B'é mo thuairim go raibh dhá ghloine fuisci tógtha aige, agus piúnt, nó piúnt go leith, pórtair lena chois. Ní haon chúis ionadh a leithéid sin. Teastaíonn cúnaimh an bhuidéil uatha súd a bhíonn ag tabhairt aghaidh ar sheomra feithimh an dochtúra agus bosca faoistine an tsagairt. Chualas-sa bráithre áirithe á mholadh don bpobal uair, le linn misiúin, braon réasúnta dí a bhlas mar ullmhúchán d'fhaoinn mhaith.

BRÚCHT GLÓRACH

Sarar fhágas mo chara, scaoil sé uaidh brúcht glórach, ceannscailte, neacheannsaithé. B'fhuiris a aithint gurbh galar nó laige éigin ina ghoile fé ndear é seo. Ach cé acu de sna mílte aicíd a loinníonn féinár mbeilteanna ba bhun leis? Ceist chasta don dochtúir bocht, mar baifíonn formhór ár bpianta sa ghoile, nó i gcnámh an droma. An cloigeann leis, sin áit eile go mbailíonn gach saghas easláinte ann. Go mormhór má's duine atá i gceist gur at a cheann do réir mar d'éirigh leis sa tsaoil. Ceann-at nó mustar a tugtar ar an ngalar seo, agus tá sé bunaithe ar árdnósacht agus mórchúis. Agus níl leigheas le fáil air, go nuige seo, agus go

háirithe. Is mó is díol trua a leithéid ná díol cáinte. Deirim amach gur cruachás don bpobal a leithéid, mar bíonn gá le tuiscint agus foirdhe i leith an othair bhoicht.

Laige intinne i gcónaí is cúis leis an ngalar seo na hárdnósachta, agus mar sin, muna mbeannaíonn a leithéid de dhuine duit ar an sráid, cuimhnigh go bhfuil gá le tuiscint agus carthannacht uait.

PRAIRIE AN CHOIRP

Ach chun filleadh ar an mbóthar a fhágas. Tá droim an duine chomh fairsing sin go nglaothaim prairie an choirp air, marab ionann agus an órdóg, mar shampla, nó an lorga. Glaothaim an pampasí (an pampaí) ar an mbolg — níl sé chomh fairsing leis an ndroim, ach tá réimse maith ann mar sin féin. Sin í an chúis gur deacair leis an ndochtúir pianta a aimsiú in sna limistéirí móra sin. Tá an oiread sin locht agus mácall a d'fhéadfadh bheith ceilte istigh ionnta, agus tá an méid sin mistéir agus rún ag baint leo, gurbh mhisiúil an dochtúir é a thabharfadh iarracht ar iad a chur síos go mion agus go cruinn. Is mó ná leath an choirp droim an fhir fásta, agus is minic gur mó fós a bholg. Mar sin, má's mian leat teastas dochtúra a fháil, d'fhonn cúpla lá a chaitheamh i dTrá Lí nó Puck nó rásanna Lios Tuathail, bíodh do phian sa droim nó sa ghoile. Bíodh sé ina phian reatha. Ná bí

ró-chruinn á aimsiú, agus gheobhair do theastas, a leisceoir lofa.

DOCHTÚIR

Tá focail ann a ritheann le cois a chéile, mar glún agus loingeán, muineál agus claon, sail chnis (dandruff) agus malaf. Fan uatha. Ionaid ró-theoranta is ea iad. Níl dothain slí don sleas-chéim. Níl dochtúir ann, is cuma chomh géar ná chomh éirimiúil é, ná cloifidh fairsinge an droma agus an ghoile é. Agus má chruadhann ar an gcailligh, féadann tú rith go dtí an phian reatha. Agus níl ach dhá áit ann go bhfuil slí iontu don phian reatha — an droim agus an ghoile.

Más castar dochtúir ró-choinsiasach ort, is é an plean is fearr atá fágtha agat, ná do lámh a shíneadh siar thar do ghualainn i dtreo an droma. Má lorgaíonn sé eolas níos cruinne, lig ort ná sínfidh do lámh níosa shia siar. Má aimsíonn sé puinntí airithe lena mhéireanna féin, ná bí ró-dheimhintheach agus lig ort ná feadaraí.

DEÁ-BHÉAS

Ach caithfidh mé filleadh ar cheist seo an bhrúchtáil. Thosnaíos leis an ábhar seo agus caithfidh mé cloí leis. Más fíor dóibh siúd a fhilleann ón Áráb, an-dhea bhéas is ea é brúchtáil a dhéanamh tar éis béile, ins na tíortha teo sin. Cuireann sé seo in iúl d'fhear a' tí gur baineadh sásamh as a chuid flaitiúlachta. Nochtann an ghoile féin a aigne,

fé mar a déarfá. Dá láidre é an glór is ea is aoirde é an moladh. Má scaoiltear sraith brúcht, gheofar cuireadh arís.

Ach ceist agam ort. Nuair a ligean an goile uaidh an glór gásach seo, an ag moladh a bhíonn sé nó ag cáineadh? Deir na hArabáigh, "Is brúcht brúcht, agus sin sin." Cinnte is fíor gur nochtadh smaointe an ghoile é an brúcht, ach n'fheadar éinne, chun na fírinne a rá, an focal molta é nó a mhalairt. Mar sin, cuirim ós comhair an phobail anois, don chéad uair, córas nua a léireoidh go cinnte brí gach brúchta. Teastóidh gléas nua uaim ar an déanamh seo. Computer beag, agus é bheith suite i lár ghnáth-theileafóin, idir an béal agus an cluas. Annsan dá dtarlódh go raibh pian i do ghoile, d'árdófá an teileafón ón leaba, d'éisteofá leis na pipeanna agus an blipeanna, agus annsan scaoilfeá le fuinneamh brúcht groí isteach sa ghléas.

Glacann an gléas leis an nglór agus tosaíonn gnáthchúrsa na hoibre, mar is gnáthach leis an computer. Bíonn moill bheag ann faid a dheineann an gléas mionscrúdú agus iniúchadh ar gach gné den scéal atá féna bhráid. Ar deireadh tagann an freagra, i bhfocail glan simplí agus go meáite tugann an computer a bhreith. B'fhéidir go ndéarfadh sé, "Ná hith iniúin, a sheana rud salach. Táim marbh acu." Nó b'fhéidir, "Táim lán de

cheol. Ná himigh on mbia simplí."

An saghas a bhíonn ag slimeáil, agus a bhíonn ar céalachen mar mhaithe lena figiúir, thárlódh ná beadh freagra ró-shibhialta le fáil aici. Tóg bean atá ag seachaint bídh mhéith, agus ná hitheann ach cáiridí, leitís, briosaí speisialta agus a leithéidí. Chloisfeá a brúcht lag, uisciúil á scrúdú ag an computer, agus ansin an gléas ag fógart go mífhoidhneach "In ainm an diabhaill, cathain a chífed cúpla slisne maith bagúin, nó béile maith prátaí?"

COMPUTER

Ón dtaobh eile de, d'fhéadfadh bean a bheith ann a bheadh ró-cheanúil ar a cuid bídh, agus nuair a chuirfeadh sí sin a brúcht sa ghléas, go mbeadh an oiread sin strus agus stró air go dteipfeadh ar na meaisíní laga leocaileacha atá istigh ann. Chloisfeá annsan gach saghas geonáil agus guairneáin agus rothlú, agus chífed pléascanna agus deatach agus dó, agus thuigfeá annsan gur sháraigh an brúcht saibhir beathaithe seo an computer bocht.

Bheadh freagra neaghnáthach le clos nuair a bheadh brúchtáil neaghnáthach le hiniúcadh. Mar shampla: "Mhairbh an sáirdín deiridh mé," nó "Ith breis cúcamar (Cucumber)".

Thabharfadh an gléas seo scrúdaithe na mbrúcht an-shólás don bpobal agus an-aibhneas don ngoile. Agus thabharfaí le fios dúinn, go hoifigiúil, cad iad na sagsanna bídh agus dí a thug ainns agus dóláas don gcine daonna go nuige seo.

IN ÓSTÁN NA ROSANN, sa Chlochán Liath reachtáil leadh cúrsa speisialta le déanaí ar "Forbairt na Miontionscail in Éirinn". Orthu siúd a ghlac páirt sa chúrsa bhí Stáit Seirbhísh agus Oifigí ón Aifric agus tíortha eile sa Trú Domhan. Chuireadar béim faoi leith ar dhul chun cinn na Tionscail Ghaeltachta ach go háirithe, agus thugadar cuairt ar Eastát Tionscail na Doirí Beaga agus ar mhiontionscail áirithe i nGaeltacht Dhún na nGall.



● In éineacht leis an ngrúpa (a bhí ag freastail ar an gcúrsa) sa phictiúr thuas tá ó chlé: Cathal Mac Suibhne, Oifigeach Forbartha, Údarás na Gaeltachta (a bhí ar na príomh-léachtóirí); Maitiú Ó Móráin, Bainisteoir Seirbhísí Eolais, Údarás na Gaeltachta (a bhí mar Stiúrthóir ar an gcúrsa); Máire Ní Chonchúir, Oifigeach Seirbhísí Eolais, Údarás na Gaeltachta; Rosita Nic Aodha, ón U.F.T. a d'éagraigh imeachtaí na seachtaine agus an Dr. Séamus Ó Ceallaigh ón U.F.T. (Stiúrthóir).

OBAIR FHIÚNTACH AN RANNÓG TRAENÁLA



Cúrsa Traenála agus Forbartha do Shaoistí

I láthair ag Cúrsa Traenála agus Forbartha do Shaoistí a reachtáil leadh sa Spidéal bhí, ar chúl ó chlé: Seán Ó Conghaile (Jetmara Teo.); Seán Ó Discín (Rovings Éire Teo.); Peadar Ó Cualáin (Arantex Teo.); Pádraic Ó Suilleabháin (Comhlacht Leictreachas Chárna Teo.); Maitiú Ó Cualáin (Alum Teo.); Tadhg Ó Conghaile (Táirgí Aimride na hÉireann). Líne tosaigh ó chlé: Bríd Ní Loinnigh (Transduktor Teo.); Damien Ó Dea (P.A. Management Ltd.); R. McGuidhir (Rannóg Traenála, Údarás na Gaeltachta); Muireann Ní Chonghaile (Múnlaí Teo.).



● Reachtáil leadh cúrsa speisialta faoin teideal "Bainistíocht Airgeadais i gComhlachtaí Beaga" i gColáiste na hOllscoile i nGaillimh le déanaí.

I láthair bhí: ó chlé: Mícheál Ó Broin (Léachtóir); Nóra Ní Ghráinne, Áine Sirr (Cistíní Sirco) agus Seán de Cléir, Bainisteoir Traenála, Údarás na Gaeltachta.

Ar chúl (ó chlé) tá: Pádraig Ó Corrduibh (Rannóg Traenála); Mícheál Ó hÉanaí (Rannóg Forbartha Tionscail); Seán Ó Srutháin (Seán Ó Srutháin Teo., Innealtóireacht); Gearóid Ó Conchúir (Alum Teo.); Pádraig Ó Cualáin (Rannóg Tógála) agus Ralph Ó Gormáin (Rannóg Traenála).

FÁILTE



Pádraig Ó Cuana – Máigh Oifigeach nua (Gaillimh agus Maigh Eo) sa Rannóg Forbartha Tionscail.




Seosaimhín Ní Chonghaile atá ceapaithe mar Oifigeach Pearsanra faoi Oiliúint sa Rannóg Pearsanra.



Liam Ó hUiginn atá ceapaithe mar Bhainisteoir Airgeadais (Comhchomhlachtaí) sa Rannóg Airgeadais.

Tá obair fiúntach ar siúl ag Rannóg Traenála Údarás na Gaeltachta



Seán Ó Coistealbha atá ceapaithe mar Oifigeach Cultúr/Teanga faoi Oiliúint sa Rannóg Pearsanra.



Máiréad Ní Chadhain atá ceapaithe mar Chléireach Cló sa Rannóg Pearsanra.



Seán de Cléir, Bainisteoir Traenála Údarás na Gaeltachta ag bronnadh "Mionmhéadar" ar Sheán Mac Iomhar, Diatherm Teo. Dún na nGall. Bhain sé an 3ú áit amach sa Chomórtas Náisiúnta Printíseachta. Ar dheis tá Michael Muhr, Bainisteoir Stiúrtha, Diatherm Teo. Deileadóir (miotal) é Seán Mac Iomhar as Doire Chonaire, Gort a' Choirce. Tá sé fostaithe ag Diatherm Teo. ó am a bhunaithe agus is riarthóir anois é i seomra na n-úirlisí.



● Ar Chúrsa Teagascóir sa nAbbey Hotel, Dún na nGall le déanaí bhí (ina suí ó chlé): Peadar Ó Beirn (Éadach Chonamara); Peadar Ó Baoill (Garn Teo.), Máirín Ní Eochaidh (Snáth Ghaeltarra); Máire Ní Churraoin (Sintéis Éire), Aodh Ó Rabhartaigh (Éadach Chonamara); Séamus Mac Aoidh (Snáth Ghaeltarra). (Ar chúl ó chlé): John Breslin (Teagascóir Traenála AnCO); Jack Foley (Textile Training Advisor AnCO); Peadar Ó Braonáin (Garn Teo.); Pádraic Mac Suibhne (Smalcbhia Teo.); Brian Mac Gonagle (Snáth Comer Teo.); B. Ó Finneadha (Rannóg Traenála); Peter Shanahan (Teagascóir Traenála AnCO).